DON SCRÚDAITHEOIR

**SCRÚDUIMHIR** ☞ [ ] **Móriomlán na Marcanna** [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008
## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
**(200 marc)**

**DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – Maidin 10.45 go dtí 12.15**

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| **Nóta**: Is den riachtanas é go bhfreagródh **an t-ollmharc** ag 1. thuas don IOMLÁN sa ghreille ar dheis. | |

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| CT | |
| **MÓRIOMLÁN** | |
| GRÁD | |




**Thall →**

## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (100 marc)


Freagair **gach** ceist.


**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(20 marc)**


(a) Leabharlann phoiblí. Ciúnas le do thoil.
(b) Cosc ar chaitheamh tobac anseo.
(c) Aire! Madra crosta.
(d) Tá an phictiúrlann dúnta de bharr dóiteáin.
(e) Seó faisin ar siúl i halla na scoile.
(f) Ar díol – giotáir ar leathphraghas








**CEIST 2**. Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

## Coláiste na Cille, Cill Chainnigh

# Turas Lae go Baile Átha Cliath

### Dé Máirt, 24 Bealtaine 2008

| | |
|---|---|
| 8.00 a.m. | Teacht le chéile sa choláiste. |
| 8.15 a.m. | Turas bus go dtí an stáisiún traenach. |
| 8.45 a.m. | Traein go Baile Átha Cliath. |
| 10.55 a.m. | Turas ar An Luas go lár na cathrach. |
| 11.20 a.m. | Siopadóireacht agus cuairt ar fhoirgneamh stairiúil. |
| 12.45 p.m. | Lón i mbialann McDonalds. |
| 1.45 p.m. | Cuairt ar an Dáil. |
| 2.15 p.m. | Scannán san Omniplex. |
| 4.30 p.m. | Tae in Óstán Bewleys. |
| 6.00 p.m. | Traein abhaile. |

Ticéid – €30 – ar fáil ó oifig an choláiste – roimh 10 Bealtaine.

**Ceisteanna**:

**1.** Cá bhfuil Coláiste na Cille?

| | |
|---|---|
| I dTrá Lí | |
| I gCill Chainnigh | |
| I mBaile Átha Cliath | |

**2.** Conas a rachaidh siad go dtí an stáisiún traenach?

| | |
|---|---|
| Ar an mbus | |
| Ar an traein | |
| Ag siúl | |

**3.** Cén t-am a mbeidh an lón acu?

| | |
|---|---|
| 10.55 a.m. | |
| 12.45 p.m. | |
| 1.45 p.m. | |

**4.** Cá mbeidh siad ag 2.15 p.m.?

| | |
|---|---|
| San Omniplex | |
| Sa Dáil | |
| I mbialann McDonalds | |

**5.** Cá bhfuil na ticéid ar fáil?

| | |
|---|---|
| In Óstán Bewleys | |
| Ó oifig an choláiste | |
| I lár na cathrach | |

**6.** Luaigh **dhá** rud a dhéanfaidh siad ag 11.20 a.m.

1. ______________________________

2. ______________________________

**CEIST 3**. Freagair (a) *agus* (b). **(40 marc)**

Léigh an dá **alt nuachta** seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

**(a)**

# AISTEOIR ÓG NUA

Cónaíonn Evanna Meghan Lynch i dTearmann Feichín i gContae Lú. Rugadh í sa bhliain 1991 agus tá sí ag freastal anois ar Choláiste Mhuire, Droichead Átha.

I mí Eanáir na bliana 2006 chuaigh Evanna go Londain agus chuir sí isteach ar pháirt Luna Lovegood sa scannán *Harry Potter and the Order of the Phoenix*. Bhí ionadh an domhain uirthi nuair a fuair sí an pháirt. Rinneadh an scannán in 2007. Nuair a bhí an scannán déanta d'fhill sí abhaile.

Taispeánadh an scannán den chéad uair i Londain i mí Iúil 2007 agus bhí Evanna ann in éineacht le Daniel Radcliffe agus na réalta móra scannáin eile.



**1.** Cá gcónaíonn Evanna Lynch? ____________________________________________

**2.** Cathain a chuaigh Evanna go Londain?

| | |
|---|---|
| I mí Iúil | |
| I mí an Mheithimh | |
| I mí Eanáir | |

**3.** Cén pháirt a bhí ag Evanna sa scannán?

| | |
|---|---|
| Harry Potter | |
| Luna Lovegood | |
| Daniel Radcliffe | |



**(b)**

# Ó LOCH GARMAN GO READING

Rugadh Kevin Doyle i Loch Garman sa bhliain 1983. Thosaigh sé ag imirt sacair lena chlub áitiúil, Maigh Arnaí. Sa bhliain 2003 thosaigh sé ag imirt le Cork City.

D'éirigh go maith leis le Cork City agus scóráil sé 13 chúl don chlub sa bhliain 2004. Sa bhliain 2005 cheannaigh Reading é agus tá conradh aige leo go dtí 2009 ar a laghad. Tá sé ina chónaí i Sasana anois.

Scóráil Kevin a chéad chúl d'fhoireann sinsir na hÉireann sa bhliain 2006. Bhí sé ag imirt freisin i bPáirc an Chrócaigh ar 24 Márta 2007 agus ba é a scóráil an t-aon chúl amháin sa chluiche sin i gcoinne na Slóvaice.



**1.** Cár rugadh Kevin Doyle? ____________________

**2.** Cén bhliain a d'imigh sé go Reading?

| | |
|---|---|
| 2003 | |
| 2005 | |
| 2009 | |

**3.** Cá bhfuil Kevin Doyle ina chónaí anois?


| | |
|---|---|
| Loch Garman | |
| I Sasana | |
| I bPáirc an Chrócaigh | |

**ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA** **(100 marc)**

**CEIST 4.** Freagair (a) *nó* (b). **(30 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr thíos.

**LAETHANTA SAOIRE i gCONTAE PHORT LÁIRGE**





Is tusa duine de na déagóirí sa phictiúr thuas agus tá tú ar laethanta saoire le do mhuintir san áit seo. Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

**Cárta Poist**

*NÓ*

(b) Féach ar an bpictiúr thíos.

**LAETHANTA SAOIRE I gCONTAE PHORT LÁIRGE**




Is tusa duine de na déagóirí sa phictiúr thuas. Bhí tusa agus do mhuintir ar laethanta saoire san áit seo an samhradh seo caite. Seo pictiúr de na rudaí a bhí ar siúl agaibh lá amháin. Ba mhaith leat **cuntas** (6 abairt) faoin lá sin a scríobh i do **dhialann**.

Freagair na **6 cheist** seo agus beidh an **cuntas** agat.

**1.** Cén chaoi a raibh an aimsir? ______________________________

**2.** Cad a bhí ar siúl ag do Dhaid? ______________________________

______________________________

**3.** Cad a bhí ar siúl ag do Mhamaí? ______________________________

**4.** Cad a bhí ar siúl ag do sheanmháthair? ______________________________

______________________________

**5.** Cad a bhí ar siúl agat féin? ______________________________

______________________________

**6.** Cad a bhí le feiceáil ar an bhfarraige? ______________________________

______________________________

**CEIST 5.** Freagair (a) *nó* (b). **(30 marc)**

(a) Léigh an **fógra** seo.

# FÓGRA

# SIMPSONS THE MOVIE

## An scannán nua le feiceáil san Omniplex

**Dé hAoine 24 Bealtaine**



**8.00 p.m.**

**Cead isteach €12**

Doirse ar oscailt
7.00 p.m.




Ba mhaith leat dul go dtí an scannán seo le do chara Bríd. Scríobh cuireadh chuici ag iarraidh uirthi dul go dtí an scannán leat. **N.B.** Is tusa **Rónán** *nó* **Michelle**.




**CUIREADH**

A Bhríd, a chara,

Slán go fóill,

NÓ

**(b)**

| | | | |
|---|---|---|---|
|  |  |  |  |
| **1. Sa seomra suí** | **2. Ar an bhfón** | **3. Nóta (ríomhphoist)** | **4. Ag dul chuig scannán** |

Is tusa **Sam *nó* Sorcha** sna pictiúir **1 – 4** thuas. Ní bheidh do mháthair sa bhaile óna cuid oibre go dtí 8.00 p.m. Cuir **NÓTA** (ríomhphoist) chuig do mháthair.

Inis di sa **Nóta**:

- Cad a bhí ar siúl agaibh sa seomra (**Pictiúr 1**);
- Cad a tharla ansin (**Pictiúr 2**);
- Cá bhfuil sibh imithe **agus** cad atá ar siúl agaibh (**Pictiúr 4**).

| |
|---|
| **NÓTA**<br><br>A Mhamaí, |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Beimid ar ais ar a deich, |




**Thall →**

**CEIST 6.** Freagair (a) *nó* (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tusa ag **Tráth na gCeist Bord** i halla na scoile. Tá tú chun alt gearr a scríobh in "Iris na Scoile" faoi.

Scríobh **an t-alt** (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**TRÁTH na gCEIST BORD i HALLA NA SCOILE**




**Alt**

*NÓ*

**(b)** Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil i rith an tsamhraidh i **siopa spóirt** i do cheantar.

Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos don phost sa siopa spóirt.

[**Nóta**: Is tusa **Siobhán Ní Chathasaigh** *nó* **Fionn Ó Néill.**]

## SIOPA SPÓIRT UÍ RÍORDÁIN

**Foirm Iarratais**

Ainm: ______________________________

Seoladh: ______________________________

______________________________

Aois: ______________________________

Dáta Breithe: ______________________________

Cén rang ina bhfuil tú ar scoil? ______________________________

An bhfuil an Teastas Sóisearach déanta agat? ______________________________

Ainmnigh **dhá** spórt a thaitníonn leat. ______________________________

An raibh tú ag obair i siopa roimhe seo? ______________________________

An féidir leat obair ar an Domhnach?______________________________

An mbeidh tú sásta obair go déanach oíche Dé hAoine? ______________________________

Cén t-am ba mhaith leat tosú ar maidin? ______________________________

Luaigh obair ar bith a rinne tú roimhe seo. ______________________________

Cén lá den tseachtain ba mhaith leat a bheith saor? ______________________________

Cathain a bheidh tú sásta tosú ag obair sa siopa? ______________________________

An fearr leat a bheith ag obair ar an urlár nó ag an gcuntar?______________________________

An bhfuil cead faighte agat ó do thuismitheoirí a bheith ag obair i siopa spóirt? ______________________

Síniú: ______________________

Dáta: ______________________

# Leathanach Bán